# Clár Socrúcháin Taithí Oibre

## Plean agus Treoirlínte Foghlama Pearsanta an Rannpháirtí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

**WPEP 2**

**Aicmiú Sonraí R**

Intreo

## Cad é an Clár Socrúcháin Taithí Oibre?

Is é atá sa Chlár Socrúcháin Taithí Oibre (CSTO) ná clár socrúcháin taithí oibre dóibh siúd atá as obair ar feadh sé mhí ar a laghad agus na costais á maoiniú go hiomlán ag an Stát. Tá sé mar aidhm aige taithí oibre a sholáthar do Rannpháirtithe agus deis a thabhairt dóibh scileanna nua a fhorbairt, trí oiliúint agus foghlaim. Déanfar obair i dtimpeallacht thacúil d'fhonn taithí, scileanna agus ionchais fostaíochta na Rannpháirtithe a mhéadú.

## Cad é an Plean Foghlama Pearsanta?

Ar thosach an Chláir Socrúcháin Taithí Oibre (CSTO) caithfidh an t-Óstach agus an Rannpháirtí plean a chomhaontú maidir le foghlaim phearsanta agus forbairt scileanna thar thréimhse an chláir. Déantar spriocanna foghlama agus forbartha comhaontaithe a thaifead ar fhoirm WPEP2 an Phlean Foghlama Pearsanta (PFP) seo.

Sainaithneoidh an PFP oiliúint, forbairt scileanna agus foghlaim a theastaíonn agus a bhainfear amach le linn an tsocrúcháin a chuirfear chun cinn go neamhspleách nó le tacaíocht agus maoirseacht an mheantóra arna cheapadh ag an Óstach. Cuimsíonn sé seo cláir oiliúna san ionad oibre agus aon oiliúint bhreise ar líne nó chreidiúnaithe.

Ba cheart go mbeadh spriocanna an PFP ina ngníomhartha réalaíocha faoi theorainn ama is féidir a chur chun cinn ionas go seachadfar na deiseanna oiliúna a fhógraítear i bhfolúntas CSTO.

Ba cheart don PFP a bheith i seilbh an Óstaigh agus é a chur ar fáil do Chásoifigeach Intreo lena athbhreithniú le dearbhú go bhfuil plean i bhfeidhm agus chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an caighdeán atá riachtanach chun deis taithí oibre ar ardchaighdeán a sholáthar. Ba chóir cóip den PFP a thabhairt don Rannpháirtí.

## Cad í an Dialann Foghlama Pearsanta?

Tabharfar Dialann Foghlama Pearsanta don Rannpháirtí freisin, atá le coinneáil acu, chun tacú lena bhfoghlaim tuilleadh. Tugtar spreagadh do gach rannpháirtí machnamh agus taifead a dhéanamh ar a dtaithí, a ndúshláin, a n-éachtaí agus a ngníomhaíochtaí chun a fheiceáil cad a bhí go maith nó cad a d'fhéadfaí a fheabhsú sa todhchaí. Pléifidh an Meantóir na machnaimh seo leis an Rannpháirtí mar chuid de na cruinnithe meantóireachta agus is féidir iad a phlé le Cásoifigeach Intreo le linn cruinnithe monatóireachta.

## Cad iad na hAcmhainní Oiliúna atá ar fáil?

Le cuidiú le hóstach agus le rannpháirtithe deiseanna oiliúna oiriúnacha a aithint, d'fhoilsigh an Roinn Coimirce Sóisialaí acmhainn oiliúna de réir earnála ar líne. Tá sonraí ar fáil ar ár n-ardán earcaíochta ag **JobsIreland.ie**. Féadfaidh an t-óstach agus an rannpháirtí oiliúint ábhartha eile nach bhfuil liostaithe ann a aithint agus a áireamh.

D'fhéadfadh go mbeadh rannpháirtithe incháilithe chun leas a bhaint as an Deontas Tacaíochta Oiliúna (TSG) suas le €1,000 le linn socrúcháin. Is féidir faisnéis faoin Deontas Tacaíochta Oiliúna a fháil ar **www.gov.ie/tsg**

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig **www.gov.ie/wpep**

# Plean Foghlama Pearsanta an Rannpháirtí

| | |
|---|---|
| Ainm an rannpháirtí: | |
| Ainm an mheantóra: | |
| Dáta tosaigh an rannpháirtí: | L L / M M / 2 0 B B |
| Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) an Rannpháirtí: | |

| Plean Foghlama agus Forbartha - Socrú Spriocanna | |
|---|---|
| Déan cur síos ar na príomhdhualgais don Rannpháirtí sa ról taithí oibre agus na céimeanna a bhfuil gá leo chun scileanna nua a thógáil: | |
| Spriocanna foghlama: | Sainaithin an oiliúint a theastaíonn chun tacú leis an Rannpháirtí.<br>Táthar ag súil go dtabharfaidh an Rannpháirtí faoi suas le 60 uair an chloig oiliúna thar thréimhse an chláir, ar cheart 20 uair an chloig de a chreidiúnú. |
| Modh seachadta: | Conas a chuirfear oiliúint ar fáil? Mar shampla, meantóir, ar an láthair oibre, ar líne, seomra ranga, seimineár gréasáin, oiliúint postscáthú. |
| Torthaí ionchais: | |
| Síniú an Rannpháirtí: | Síniú an Mheantóra: |
| Dáta: | Dáta: |

# Plean Foghlama Pearsanta an Rannpháirtí

| Uimhir Scile | Teideal an Tacair Scileanna nó Oiliúna | | Dáta Críochnaithe | Uaireanta Oiliúna |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| 2 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| 3 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| 4 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| 5 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| 6 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| 7 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| 8 | | | | |
| | Creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil? ☐ | Oiliúint ghinearálta? ☐ | | |
| Uaireanta iomlána oiliúna creidiúnaithe nó aitheanta san earnáil: | | | | |
| Uaireanta iomlána oiliúna ginearálta: | | | | |

**Maoinithe ag an Aontas Eorpach**
NextGenerationEU

## Ráiteas um Chosaint Sonraí

Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí an córas coimirce sóisialaí in Éirinn a riar. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d’íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar go ndéanfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile de réir mar atá foráil déanta dó sa dlí. Is féidir teacht ar an mbeartas um chosaint sonraí atá againn ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir amháin atá na mínithe agus na téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.